

FÓMHAR 2020

Sleachta Léitheoireachta

Canúint Uladh

Terra Firma

Uair an chloig a thóg an turas ar an mbád farantóireachta ó Ailt an Chorráin go hÁrainn Mhór. Níor bhain Moya taitneamh as an turas. Bhí na tonnta an-ard agus cúpla uair tháinig tonn isteach thar an ráille. Bhí Moya fliuch go craiceann. Níor thaitin sé léi ach oiread go raibh deatach ón inneall ag séideadh isteach ina haghaidh. Ní raibh tinneas farraige uirthi ach ag an am céanna ní raibh sí ag mothú go rómhaith. Choinnigh sí greim daingean ar an ráille.

Bhí áthas uirthi nuair a tharraing an bád isteach le hais na céibhe ar Árainn Mhór. D'éirigh Moya. Chaith sí a mála thar a gualainn. Ní raibh sí go rómhaith ar a cosa. Thug duine den chriú lámh chúnta di agus í ag dul i dtír.

“An bhfuil tú ceart go leor, a stór?” arsa an scipéir.

“Buíochas le Dia go bhfuilim ar thalamh tirim,” arsa Moya.

Canúint Chonnacht

Cupán Caife

Níor thóg an turas ó Bhaile Átha Cliath go Gaillimh ach dhá uair an chloig. Cheap Peadar gur thóg an turas níos faide ná sin mar bhí Cáit an-chiúin ar fad i rith an turais. Lig Peadar amach í ag a teach i mBóthar na Trá.

“Slán leat go fóill, anois,” arsa Peadar. “Slán!” arsa Cáit. Ar a laghad labhair sí.

Chuaigh Peadar le haghaidh cupán caife. Bhí a fhios aige céard a bhí ag teastáil ó Cháit. Pá seachtainiúil cosúil le gach duine eile a bhí ag obair do Pheadar. Ba oibrí maith í, gan amhras. Bhí bealach deas aici leis na custaiméirí.

Stop Peadar. “Cén fáth a bhfuilim ag smaoineamh mar seo?” arsa Peadar leis féin. “Nach í Cáit mo chailín! Nach bhfuilimid dhá bhliain ag dul amach lena chéile anois! Nach cuma faoin trálaer agus faoin siopa éisc. Nach í Cáit an rud is tábhachtaí dom sa saol seo!”

Canúint na Mumhan

An Chéad Lá i mBoston

Ghlaoigh Sean Ó Máille an fhoireann amach agus ag an am céanna thosaigh sé ag caitheamh geansaithe leis na himreoirí.

“Lár na páirce, uimhir a hocht, Muiris Ó Beaglaeich.”

Rug Muiris ar an ngeansaí.

“Go bhfóire Dia orainn!” arsa Muiris leis féin, “tá an fhoireann de ghlanmheabhair aige.” D’fhéach Muiris ar an ngeansaí. Bhí “Seán Ó Máille Teoranta” scríofa trasna an gheansaí.

Chuir Muiris a bhríste peile, a stocaí peile agus a bhróga peile air. Sheas sé suas ansin agus tharraing sé an geansaí peile air. Thosaigh Seán Ó Máille ag caint. Thit ciúnas ar an seomra feistis. Níorbh fhada go raibh sé ag béiceadh.

“Is cuma liom céard as a dtagann tú in Éirinn ach don chéad dhá mhí eile anseo i mBoston is fear Chonamara thú agus is é *Gaeil Chonamara* an t-ainm atá ar do chlub. An bhfuil sé sin ceart go leor?... An bhfuil sé sin ceart go leor?” a bhéic sé don dara huair.

“Tá!” a bhéic na himreoirí go léir le chéile.